# Líon na Bearnaí

## Sraith 18: An Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

**Pictiúr 1**

Bhí Aodh agus Briain ag siúl thar shiopa ________agus chonaic siad fogra i nGaeilge. "Sladmhargadh na Cásca". Chuir sé sin ag smaoineamh iad. Dúirt Aodh go raibh áthas air an Ghaeilge a fheicéail sna __________. Dúirt Brian gur aontaigh sé leis ach gur fúthú féin, faoin nglúin s'acu siúd, an Ghaeilge a chur chun cinn. Rinne siad an scéal a phlé ar feadh tamaill agus d'admhaigh siad go mbraithfeadh sláinte na _________ orthu féin.

**Pictiúr 2**

Chuaigh siad ar an idirlíon agus _________ siad "Turas chun na Gaeltachta." Chuaigh siad isteach ar ___________ sóisialta Facebook chun eolas a fháil faoi na coláisí Gaeilge sa Ghaeltacht. D'fhéach siad ar na tithe lóistín, agus ar na ___________ agus araile. Chinn siad ar thuras chun na Gaeltachta a eagrú. D'iarr siad ar a gcairde teacht leo.

**Pictiúr 3**

Chaith siad tamall sa Ghaeltacht. Thaitin sé go mór leo bheith ag ______ Gaeilge lena chéile agus ag cur aithne ar dhaoine eile trí mheán na Gaeilge. Bhain siad an-spraoi as an __________ sa Ghaeltacht. Taispeantar iad ag éisteacht le ceol rince na hÉireann agus iad ag damhsa sean-rincí traidisiúnta. I rith an lae bhí an-spraoi acu ag imirt cluichí amuigh. Roghnaigh siad dhá fhoireann agus _________ siad cluiche eitpheile.

**Pictiúr 4**

Nuair a tháinig siad ar ais ar scoil chuir siad Ciorcal ________ Gaeilge ar bun. Is é plean a bhí acu ná go dtiocfadh daltaí ar mhian leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh le chéile ag am _________ gach Luan chun Gaeilge a labhairt lena chéile. Rinne siad é sin agus d'éirigh go maith leis mar scéim. Tháinig an-fheabhas ar __________ Ghaeilge na ndaltaí a ghlac páirt sa chiorcal comhrá.

**Pictiúr 5**

D'éist siad le Raidio na Gaeltachta. Bhí siad in ann é a fháil ar an bhfón póca a bhí acu. Bhainidis feidhm as __________ ionas nach mbeadh glór an raidio ag cur isteach ar dhaoine eile. Éisteacht faoi rún a bhí ar siúl acu. Um tráthnóna, sa bhaile, d'iarr Brian ar a athair suí agus __________ ar TG4. "Is fiú féachaint ar TG4" a deir sé. Bhí an t-ádh air go raibh a athair sásta féachaint ar an gclár in éindí leis.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 6**

Iontas na n-iontas, d'eagraigh an scoil ____________ beag chun gradam a bhronnadh ar an mbeirt. ______________ Príomhoide na scoile leo as an iarracht a bhí déanta acu an Ghaeilge a neartú sa scoil agus sa cheantar. Bhronn sí _____________ beag orthu araon a raibh a n-ainmneacha greannta air. Bhí ríméad orthu a leithéid sin de bhuíochas a fháil.